




CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# CLÁR LÚNASA



## IÚIL-LÚNASA | JULY-AUGUST 2021






zoom

# Focal ón Stiúrthóir
## Word from the Director



Samhradh eile againn faoi anáil an choróinvíris, ach is mór an t-ardú meanman é go dtig linn athoscailt de réir a chéile, céim ar chéim. Beidh gáire agus scairteadh páistí ag creathadh ar fud an tí an athuair ag na scéimeanna samhraidh agus ag seoladh leabhar nua i sraith Rita le Máire Zepf. Tá fáilte ó chroí roimh chuairteoirí ar ais sna gailearaithe fosta.

Trínár gcomhpháirtíocht le Féile Ghrianghraf Bhéal Feirste, tá taispeántas Tom Franco, Unperson, le feiceáil i nDánlann Dillon agus léargas ann ar dhaoine a thug a gcúl don Chóiré Thuaidh agus a theith trasna na teorann ó dheas. Ina dhiaidh sin, ag Féile an Phobail, díreoidh saothar Stephen Shaw ar áiteanna ceilte i mBéal Feirste agus beidh íomhánna le hEalaíontóirí an Mhuilinn ar taispeáint suas an staighre sna Ballaí Bána, grúpa atá lonnaithe i Muileann Mhic Con Midhe ó cheann ceann na bliana.

Tá Coirnéal an Cheoil, a chraoltar ar Facebook gach Satharn ar 1pm, ag dul ó neart go neart. Leanfar leis na seisiúin sheachtainiúla ar líne.

Fá dheireadh an tséasúir beidh Féile Liú Lúnasa faoi lánseol. Is é an Slam Filíochta an buaicphointe gach bliain ach tá imeacht an-speisialta ann i mbliana mar chuid den cheiliúradh ar 30 bliain na Cultúrlainne le daoine aitheanta a chaith a n-óige sa Chultúrlann agus a dtuismitheoirí ag obair go dian anseo le dúshraith láidir a leagan síos.

Tá focal buíochais ar leith ag gabháil don fhoireann imeachtaí. Faoi stiúir Bhrónagh Fusco, an Bainisteoir Imeachtaí, níor tháinig maolú in am ar bith le linn na ndianghlasálacha ar a ndúthracht. Gabhaimid buíochas mór freisin lenár maoinitheoirí agus leis an Bhord a d'fhéach leis an bhealach a éascú i gcónaí le treoir agus tacaíocht phraiticiúil.

Although we find ourselves spending

another summer living with the coronavirus, each small step toward full opening gives us another boost. Before long An Chultúrlann will reverberate once more with the sounds of laughing children at our summer schemes and a launch of the next instalment in Máire Zepf's Rita book series. We are also delighted to be welcoming visitors back to our galleries once more.

Through our partnership with Belfast Photo Festival, Tom Franco's exhibition, Unperson, in the Dillon Gallery gives us an insight into the life of defectors from North Korea to South Korea. Following this, at Féile an Phobail, Stephen Shaw's work will awaken us to hidden parts of Belfast, and images by Artists at the Mill, who are based in Conway Mill throughout the year, will adorn the walls of our first floor gallery, Na Ballaí Bána.

Our ever popular Coirnéal an Cheoil, Music Corner, continues to go from strength to strength with live Facebook broadcasts at 1pm every Saturday. The summer season ends with the Liú Lúnasa festival. The Slam Filíochta, poetry slam, is always a huge draw, but this year, as we celebrate our 30th anniversary, we have a unapologetically nostalgic event with some of those who spent their childhood in the Cultúrlann as their parents, the founders, worked hard to lay the foundations of the wonderful centre we all enjoy today.

A very special thanks goes out to our events team, who, under the direction of Events Manager Brónagh Fusco, have never wavered in their commitment throughout various lockdowns. We'd also like to express our gratitude to our funders and to our Board, who have been with us every step of the way with guidance and practical support.

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónár bPríomh-mhaoinitheoir

## Message from our Principal Funder

Tá an Chultúrlann ag ullmhú le lucht féachana a fháiltiú ar ais chuig imeachtaí ealaíon, cultúrtha agus siamsaíochta mar a léiríonn an clár samhraidh spreagúil seo. Tá sceitimíní orainn go léir agus muid ag súil go mór go leanfaidh muid ar an aistear athshlánaithe le go dtig linn pilleadh ar na hionaid is fearr linn agus blaiseadh den tógáil croí a chothaíonn na healaíona beo a fháil arís. Léirigh an dianghlasáil dúshláin shuntasacha d'earnáil na n-ealaíon agus an chultúir ach ba líne tharrthála é an Maoiniú Éigeandála a thug an Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Pobal. Tá dúshláin roimh na heagraíochtaí go fóill agus iad i mbun pleanáil imeachtaí i dtréimhse éiginnte ach is fiú go mór leanúint orainn, gan dabht. Má tháinig maitheas ar bith as an dianghlasáil, ba í sin an tsuim ar leith a cothaíodh sna healaíona. Tá a fhios againn go maith go mbeidh tú ag tabhairt iomlán do chuid tacaíochta don Chultúrlann sa tréimhse amach romhainn.

Mar phríomh-mhaoinitheoir



Chultúrlann McAdam Ó Fiaich, trí chistí an Chrannchuir Náisiúnta, tá lúcháir ar an Chomhairle Ealaíon go bhfuil foireann agus cairde na Cultúrlainne ag leanúint orthu ar a n-aistear dochreidte 30 bliain agus iad ag seoladh chlár an tsamhraidh ina bhfuil meascán d'imeachtaí ar líne agus d'imeachtaí os comhair lucht féachana beo nuair is féidir. Tugann an clár seo spreagadh cruthaitheach agus tógáil croí dúinn mar aon leis an ghealltanas go bhfuil laethanta geala amach romhainn.

With this inspired summer programme, the Cultúrlann begins to welcome back audiences to live, in-person arts, culture and entertainment. There's an obvious sense of excitement in the air, and we keep everything crossed that the route to recovery continues and that we can all return to our favourite venues and the unique thrill of the live arts experience. The challenges presented by lockdown for the entire arts and cultural sector have been considerable, but the Emergency Funding from the Arts Council and the Department for Communities has offered a lifeline. There remain challenges ahead for organisations as they try to programme for uncertain times; but it is unquestionably worth it. Lockdown has, if anything, sharpened the public's appetite for the arts. We know you will certainly be giving the Cultúrlann your full support!

As their principal annual funder through our National Lottery funds, the Arts Council is delighted to see the Cultúrlann continue its own remarkable 30-year journey, as it opens its summer programme with an absorbing mix of online and, where possible, in-person events and activities. The new programme offers us inspiration, creative lift, and the promise of better days to come.

**Roisín McDonough**

**Príomhfheidhmeannach, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**
**Chief Executive, Arts Council of Northern Ireland**

Iúil | July

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Tim Franco: Unperson \| North Korean Defectors**<br>*03/06/21 - 29/07/21* | Radharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil: Clann Mhic Bhrádaigh**<br>*17/07/21* | Ceol \| Music | |
| **Scéim Samhraidh Chumann Óige na bhFál**<br>*19/07/21 - 23/07/21* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil: Bernadette Morris**<br>*24/07/21* | Ceol \| Music | |
| **Coirnéal an Cheoil: An Chéad Ghlúin Eile**<br>*31/07/21* | Ceol \| Music | |

Lúnasa | August

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Gan Srian \| Unconfined**<br>*05/08/21* | RadharcEalaíona \| Visual Arts | Dánlann Dillon |
| **I gCroílár ma Chroí \| At my Heart's Core**<br>*05\|08\|21* | RadharcEalaíona \| Visual Arts | Ballaí Bána |
| **Ceardlann Amhránaíochta le Doimnic Mac Giolla Bhríde**<br>*05/08/21* | Ceol \| Music | zoom |
| **Léacht Uí Fhiaich le John Cooney**<br>*06/08/21* | Oidhreacht \| Heritage | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil: Caoimhe Ní Chathail, Frank Cassidy & Johnny Murphy**<br>*07/08/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Seoladh \| Launch: Rita & an Lampa Draíochta**<br>*14/08/21* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil: Rónán Ó Snodaigh**<br>*14/08/21* | Ceol \| Concert | Facebook |
| **Scéim Samhraidh Aisling Óg**<br>*16/08/21 - 20/08/21* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Dianchúrsa Liú Lúnasa**<br>*26/08/21 - 28/08/21* | Oideachas \| Education | zoom |
| **Slam Filíochta Liú Lúnasa**<br>*27/08/21* | Litríocht \| Literature | Facebook, YouTube |
| **Coirnéal an Cheoil Liú Lúnasa**<br>*28/08/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Painéal Cainte Liú Lúnasa**<br>*28/08/21* | Pobal \| Community | Facebook |
| **Ceolchoirm Liú Lúnasa**<br>*28/08/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>*30/08/21* | Litríocht \| Literature | zoom |




## An Ceathrú Póilí

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

www.anceathrupoili.com
02890 322811

**Uaireanta Oscailte**
**Dé Luain-Dé hAoine | Monday - Friday: 9:30am - 5:30pm**
**Dé Sathairn | Saturday: 9:30am - 4:00pm**
**Dé Domhnaigh | Sunday: Druidte | Closed**




# BIA

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us!
Call us on **02890 964184.**

**Uaireanta Oscailte:**
**Dé Luain-Déardaoin | Monday - Thursday: 9:00am - 5:00pm**
**Dé hAoine | Friday: 9:00am - 8.30pm**
**Dé Sathairn | Saturday: 9:00am - 5:00pm**
**Dé Domhnaigh | Sunday: Druidte | Closed**

## Scéim Samhraidh Chumann Óige na bhFál

Seachtain lán de thurais, chraic, spraoi, ealaín agus spórt do Ghaeil óga na bhFál.
A week of trips, craic, fun, art and sport for young Gaels in the Falls area

19/07/21 - 23/07/21
10.00am - 4.00pm
**Eolas: emma@glornamona.com**
07808619039

## Seoladh | Launch: Rita & an Lampa Draíochta

Is cailín í Rita atá lán le smaointe móra. Ba mhaith léi lampa draíochta agus ginid a bheith aici, a thabharfaidh gach mian a croí di. Bí ann don seoladh sultmhar seo leis an údar Myra Zepf agus leis an mhaisitheoir Mr Ando.

Rita is a girl with big ideas. She wants a magic lamp and a genie that will give her all her heart's desires. Be sure not to miss the launch of this magical book with author Myra Zepf and illustrator Mr Ando.



***Seolfar an t-imeacht seo de réir na dtreoirlínte a bheidh i bhfeidhm ag an am. |**
**This event will be in accordance with the guidelines at the time.**

14/08/21
1:00pm
Saor in aisce ach is gá áit a chur in áirithe.
Free, but booking is essential:
**www.culturlann.ie**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## Scéim Samhraidh Aisling Óg

Seachtain shultmhar do phaistí óga a thabharfaidh deis dóibh a gcuid scileanna a fhorbairt agus a muinín a ardú trí mheán na drámaíochta, na hamhránaíochta agus an chairdis. Fóirsteanach do pháistí R1- R7.

An enjoyable week for children to develop their skills and enhance their confidence through drama, singing and friendship. Suitable for children P1 - P7.

**16/08/21 - 20/08/21**
**10:00am - 3:00pm**
**Eolas: sinead@culturlann.ie**
**028 9096 4180**

## Tim Franco: Unperson North Korean Defectors

### Belfast Photo Festival

Sa leabhar '1984', le George Orwell, is ionann 'unperson' agus duine a fuadaíodh, duine ar scriosadh gach tagairt a ndearnadh riamh dó. Ar an dóigh chéanna, na teifigh sin ón Chóiré Thuaidh, a léiríonn an grianghrafadóir Francach-Polannach Tim Franco, chinn siad imeacht leo, ag teitheadh in amanna ar chúiseanna idé-eolaíocha, agus go minic mar gheall ar an éadóchas.

Tá an bóthar go dtí an Chóiré Theas contúirteach agus féadann an turas blianta a thógáil, thar na teorainneacha éagsúla leis an Mhongóil, Laos, an Téalainn agus an tSín. Líontar taisteal na ndaoine a dhéanann é leis an eagla go ngabhfar iad agus go seolfar ar ais chuig campaí oibre iad. I ndiaidh dóibh an Chóiré Theas a bhaint amach, is minic a bhíonn sé deacair orthu féiniúlacht nua a aimsiú agus iad caillte idir an t-am a chaith siad sa Chóiré Thuaidh agus a dtodhchaí sa Chóiré Theas. Chun an t-aistriú dochreidte sin a léiriú, úsáideann an grianghrafadóir Tim Franco ábhar analógach nach bhfuil in ainm a bheith ann: claonchló polaroid a nochtar trí shraith d'íonaithe ceimiceacha, próiseas a mbíonn toradh éiginnte neamhfhoirfe air go minic. D'fhonn conairí na dteifeach a aisghabháil, thaistil Franco go dtí na pointí trasnaithe inar éalaigh siad, agus é mar aidhm aige éagsúlacht an tírdhreacha atá mar chúlra ag an teifeach ón Chóiré Thuaidh a ghabháil.

Is grianghrafadóir Francach-Polannach é Tim Franco a rugadh i bPáras in 1982. In 2005, bhog sé go dtí an tSín áit ar thosaigh sé ag doiciméadú uirbiú dochreidte na tíre agus a thionchar sóisialta agus é ag comhoibriú le nuachtáin lena n-áirítear Le Monde, an Wall Street Journal agus an New York Times. In 2015, d'fhoilsigh sé a chéad Mhonagraf – Metamorpolis – toradh ar chúig bliana d'obair ar imircí tuaithe sa chathair is gasta a ndearnadh uirbiú uirthi ar domhan: Chongquing. In 2016 bhog Franco go dtí an Chóiré Theas áit ar thosaigh sé ag obair ar thogra fadtéarmach faoi theifigh ón Chóiré Thuaidh.

In George Orwell's 1984, an unperson is someone who has been vaporized, whose record has been erased. Similarly, the North Korean defectors that Tim Franco portrays have decided to disappear, fleeing sometimes for ideological reasons and often out of despair.




The road to South Korea is dangerous and can take years, across the many different borders with Mongolia, Laos, Thailand and China. The travels of the people who do make it out are filled with the fear of being arrested and sent back to labour camps.
Having arrived in South Korea, they often struggle to find a new identity; lost between their North Korean past and South Korean future.
To reflect this incredible transition, in documenting North Korean defectors photographer Tim Franco uses an analogue material that is not supposed to exist: the negative of a polaroid revealed through a series of chemical purifications, resulting often in something uncertain and imperfect.
In order to retrace the defector's trails, Franco travelled to the crossing points where they made their escape, aiming to capture the diversity of landscape that is the background of North Korean defection.
Tim Franco is a French-Polish photographer born in Paris in 1982. In 2005, he moved to China where he started documenting the country's incredible urbanization and its social impact while collaborating with newspapers such as Le Monde, the Wall Street Journal and the New York Times. In 2015, he published his first Monograph - Metamorpolis - the conclusion of five years of work on the rural migrations in the fastest urbanizing city in the world: Chongqing. In 2016, Franco moved to South Korea where he started working on a long term project about North Korean defectors.

**03/06/21 - 29/07/21**
**Na Ballaí Bána**

**BELFAST PHOTO FESTIVAL 2021**




# Gan Srian Unconfined: Stephen Shaw

Bailiúchán tarraingteach de phictiúir uiscedhatha leis an ealaíontóir iomráiteach Stephen Shaw atá aitheanta as a dhíriú ar áiteanna dearmadta i mBéal Feirste ar bhonn mionréalaíoch. Na píosaí seo, a críochnaíodh le dhá bhliain anuas, go leor acu le linn na dtréimhsí dianghlasála, tugann siad léargas fíorshuimiúil, greannmhar, dúshlánach uaireanta, ar chodanna de Bhéal Feirste, d'Éirinn agus d'áiteanna eile nach iad thar lear. Níor taispeánadh a bhformhór riamh.

Bhí Stephen ag obair ar chuid de na pictiúir seo roimh phaindéim an choróinvíris agus na tréimhsí dianghlasála. Cé go raibh sé sáinnithe sa bhaile, níor chuir sé sin isteach nó amach ar a chruthaitheacht ná ar a eitic oibre. De bharr an choisc ar thaisteal agus ar bhailiú smaointe nua dá réir, bhí deis ag Stephen amharc siar ar ábhar tagartha a bhailigh sé sna blianta a chuaigh thart, ábhar nach raibh an fhaill aige roimhe seo oibriú air mar gheall ar thograí agus coimitiminti eile.

Mar thoradh air sin tá bailiúchán fíorshuimiúil de shaothar úrnua curtha le chéile aige. Gan bhaic, gan téamaí, gan aon spriocdhátaí, gan srianta! Anois, radhairc ar chuir sé spéis iontu le gairid agus roimhe sin arís, tá siad tugtha chun beatha faoi dheireadh agus cuirtear i láthair iad sa taispeántas nua seo.

A fascinating collection of water colour paintings by renowned artist, Stephen Shaw, acclaimed for examining overlooked parts of Belfast in realistic fine detail. These pieces, completed within the last two years, many in Lockdowns, offer intriguing, humorous, sometimes challenging, glimpses of parts of Belfast, Ireland and abroad. Most have never been exhibited before.

Stephen had been working on some of these paintings before the Covid Pandemic and Lockdowns. Being confined to his home and studio did not stop the creativity or “work ethic”. Unable to travel and gather new ideas, he revisited reference material gathered in previous years, but not yet worked on because of other projects and commitments.

This has resulted in an intriguing body of brand new works. No boundaries, no themes, no limitations, no deadlines, unconfined! Scenes that interested him in recent times and the not so distant past are now finally, and happily, brought to life and presented in this new exhibition.

**05/08/21 – 30/09/21**
**Dánlann Dillon**



# Artists at the Mill

## I gCroílár mo Chroí

### In My Heart's Core

Is grúpa éagsúil ealaíontóirí a bhíonn ag síorathrú iad Ealaíontóirí sa Mhuileann atá lonnaithe i Muileann Mhic Con Midhe. I measc na ndisciplíní a chleachtann siad, tá péintéireacht, déanamh priontaí, gloine, críadóireacht, dealbhóireacht agus teicstílí. Tháinig grúpa acu le chéile le bailiúchán saothair a chruthú a spreag an líne dheireanach de The Lake Isle of Innisfree le WB Yeats.
Ní athfhriotal díreach é 'I gCroílár mo Chroí', ach is leagan é a roghnaigh Ealaíontóirí sa Mhuileann lena úsáid agus lena phearsantú agus iad ag díriú ar an nath sin mar cheiliúradh ar an rud a choinníonn stuama sinn in am an ghátair.

Artists At The Mill are an ever evolving diverse group of artists based at Conway Mill. Disciplines found amongst them include painting, printmaking, glass, ceramics, sculpture, and textiles. A number of them have come together to create a selection of work inspired by the last line of WB Yeats's The Lake Isle of Innisfree.
In My Heart's Core, not being a direct quote, is a version Artists At The Mill have chosen to use and to personalise, focusing on the sentiment in order to celebrate what keeps us grounded through challenging times.

**05/08/21 -30/09/21**
**Na Ballaí Bána**



# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn nuair a chraolfar beo scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus sháramhránaithe ar ár leathanach Facebook.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians which will be streamed live on our Facebook page.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Clann Mhic Bhrádaigh

Beidh Kieran Brady agus a theaghlach a bhfuil féith an cheoil go smior iontu linn i gCoirnéal an Cheoil. Tógadh Kieran i mBéal Feirste cois cuain, i dteaghlach thar a bheith ceolmhar agus ní hiontas ar bith é go bhfuil sé ag seinm ceoil ó bhí sé an-óg. Seinneann Kieran raon mór uirlisí agus is cuid de dhlúth is d'inneach phobal an cheoil thraidisiúnta i mBéal Feirste é.

Kieran Brady and multi-talented family will be in Coirnéal an Cheoil. Kieran is a native of Belfast, growing up in a very musical family having started playing music at a young age. A multi-instrumentalist, Kieran is embedded in the traditional music scene in Belfast.

17/07/21
1:00 - 1:45pm

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Bernadette Morris

Is amhránaí de bhunadh Thír Eoghain í Bernadette Morris a bhfuil a ceird freamhaithe sa traidisiún agus a bhfuil a lorg féin fágtha aici ar leabhar mór amhráin na hÉireann. Téann Bernadette go mór i bhfeidhm ar lucht féachana sa bhaile agus níos faide i gcéin lena cur chuige úr ar amhráin tíre thraidisiúnta na hÉireann.

Bernadette Morris is a performer whose craft is strongly rooted in tradition but has brought her own take to the Great Irish Songbook. A native of Co. Tyrone, Bernadette continues to wow audiences throughout Ireland and beyond with her fresh take on traditional Irish folk songs.

**24/07/21**
**1:00 - 1:45pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## An Chéad Ghlúin Eile

Cuimsíonn An Chéad Ghlúin Eile na deirfiúracha ceolmhara Étain agus Máire Ní Churraoin as Gaeltacht Ráth Chairn i gCo. na Mí. Aithnítear An Chéad Ghlúin Eile ó chlár TG4, Réalta agus Gaolta, ina mbítear ag cuardach fud fad na tíre leis an teaghlach is fearr ceoil a aimsiú.

An Chéad Ghlúin Eile comprises of two songster sisters, Étain and Máire Ní Churraoin from the Ráth Cairn Gaeltacht in County Meath. An Chéad Ghlúin Eile are recognisable from TG4's Réalta agus Gaolta, the countrywide search for the most talented of musical families

**31/07/21**
**1:00 - 1:45pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Léacht Uí Fhiach le John Cooney

## Ó Fiaich Lecture with John Cooney

Rugadh Tomás Ó Fiaich i gCoilleach Eanach in Ard Mhacha Theas. Ba scoláire iomráiteach Gaeilge é a raibh suim ar leith aige sa bhéaloideas agus sa stair. Ardaíodh ina Chairdinéal é sa bhliain 1979 agus lean sé lena spéis mhór sa stair áitiúil agus i stair na hÉireann i gcoitinne. Le himeacht ama, tháinig  sé chun cinn mar phearsa lárnach sa saol polaitiúil ó thuaidh, de réir mar a ghéaraigh na trioblóidí. D'imigh an Cairdinéal Ó Fiaich ar shlí na fírinne in 1990 agus ainmníodh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, a osclaíodh in 1991, in ómós dó. Sa léacht seo, amharcfaidh an t-iriseoir John Cooney ar an spéis mhór a bhí ag an Chairdinéal sa teanga agus ar a thionchar ar chúrsaí polaitíochta anseo sa Tuaisceart.

**Maidir le John Cooney**
De réir an Ollaimh Terence Brown ina stair oifigiúil The Irish Times, 150 Years of Influence, tá John Cooney ""chun tosaigh maidir le hábhar plé agus conspóide bríomhar a dhéanamh den reiligiún." Ó tháinig sé go hÉirinn ó Albain in 1972, tá go leor scríofa aige ar "Na Trioblóidí" d'fhoilseacháin anseo in Éirinn agus sa Bhreatain lena n-áirítear The Glasgow Herald agus The Times. Tá sé ar an aon



iriseoir amháin in Éirinn le bheith ina chomhfhreagraí creidimh don Irish Times agus don Irish Independent ar aon. Faoi anáil idéil Réabhlóid na Fraince, ba bhunaitheoir-stiúrthóir é ar Scoil Samhraidh Humbert i gCo Mhaigh Eo idir 1987 – 2014 agus faoi láthair tá sé ag tabhairt faoi Chumann Hans Kung na hÉireann a bhunú i gcomhar le Brendan Butler. Is scríbhneoir rialta leis an léirmheas dhiaga, Doctrine & Life é agus ba Chomhalta Cuartaíochta Oinigh é sa Léann Éireannach idir 1996-1998 ag Ollscoil Obar Dheathain. Is é a scríobh John Charles McQuaid, Ruler of Catholic Ireland agus tá sé ag ullmhú na beathaisnéise Cardinal Tomás Ó Fiaich, Ireland's Lost Peacemaker.

Tomás Ó Fiaich was born in Cullyhanna in south Co. Armagh. A noted scholar in the Irish language and with a profound interest in folk lore and history. He became a Cardinal in 1979 and continued to follow his deep interest in Irish and local history, becoming a key figure also in the political life in the North as the 'Troubles' continued to unfold. Cardinal Ó Fiaich died in 1990 and Cultúrlann, which opened in 1991, was named in his memory. In this lecture, journalist John Cooney will look at the Cardinal's keen interest in language and his impact on political affairs here in the north.



**About John Cooney**

John Cooney is described by Professor Terence Brown in his official history of The Irish Times, 150 Years of Influence, as being "to the fore in making religion a subject of vigorous discussion and controversy." Since coming to Ireland from Scotland in 1972 he has written extensively on "The Troubles"for Irish and British publications including The Glasgow Herald and The Times. He is the only journalist in Ireland to have been religion correspondent for both the Irish Times and the Irish Independent. Inspired by the ideals of the French Revolution, he was founder-director of the Humbert Summer School in Co. Mayo from 1987-2014, and currently is forming the Hans Küng Society of Ireland with Brendan Butler. A frequent contributor to the theological review, Doctrine& Life, he was Honorary Visiting Fellow in Irish Studies from 1996-1998 at the University of Aberdeen. The author of John Charles McQuaid, Ruler of Catholic Ireland, he is preparing a biography of Cardinal Tomás Ó Fiaich, Ireland's Lost Peacemaker.

***Deánfar an t-imeacht seo de réir na dtreoirlínte a bheidh i bhfeidhm ag an am. | This event will be in accordance with the guidelines at the time.**

**06|08|21 - 1:00pm**

**Saor in aisce ach is gá áit a chur in áirithe.**
**Free, but booking is essential:**
**www.culturlann.ie**







# Coirnéal an Cheoil ag Féile an Phobail

## The Music Corner at Féile an Phobail

### Caoimhe Ní Chathail, Frank Cassidy & Johnny Murphy

Tá Coirnéal an Cheoil den scoth beartaithe againn le ceiliúradh a dhéanamh ar Fhéile an Phobail. Beidh triúr ceoltóirí tíre galánta linn – an t-amhránaí Caoimhe 'Ceol' Ní Chathail, an píobaire, giotáraí agus seinnteoir basúcaí Frank Cassidy agus an fhidléir iomráiteach Johnny Murphy.

As we celebrate Féile an Phobail here in Cultúrlann, we have a beautiful Coirnéal an Cheoil planned with folk trio, singer Caoimhe 'Ceol' Ní Chathail, guitar and bouzouki player Frank Cassidy and renowned fiddler Johnny Murphy.

Féile an Phobail
www.feilebelfast.com

**07/08/21**
**1:00 - 1:45pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Rónán Ó Snodaigh

Tá muid ar bís go mbeidh Rónán Ó Snodaigh i gceannas ar Choirnéal an Cheoil sa Chultúrlann ar an dara Satharn d'Fhéile an Phobail. Is duine de bhunaitheoirí an bhanna ceoil iomráitigh 'Kíla' é Rónán. Tógadh Rónán le Gaeilge i dteaghlach ceoil, agus tá sé aitheanta mar dhuine de na seinnteoirí bodhráin is fearr agus is nuálaí in Éirinn; agus is amhránaí, cumadóir amhrán agus file ceannródaíoch é.

We are delighted that Rónán Ó Snodaigh will be taking over Cultúrlann's Coirnéal an Cheoil on the second Saturday of Féile an Phobail. Rónán is a founding member of the celebrated music band Kíla. Raised in a very musical and Irish speaking family, he is one of Ireland's best and most innovative bodhrán players and a highly original singer, songwriter and poet.

Féile an Phobail
www.feilebelfast.com

**14/08/21**
**1:00 - 1:45pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Ceardlann Amhránaíochta


## Sean-nós Singing Classes

Beidh muid ag reáchtáil ceardlann ghalánta amhránaíochta mar chuid d'Fhéile an Phobail. Ceolfar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh an cheardlann seo saor in aisce.

We will have a beautiful singing workshop as part of Féile an Phobail. This workshop will focus primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award-winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There is no fee for this workshop.

**05/08/21**
**6:00pm**
**CláraighRegister:**
**https://culturlann.ticketsolve.com**

zoom




## Dianchúrsa Gaeilge

### Irish Language Intensive Course


Mar chuid de Liú Lúnasa, tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh de thréimhse ghairid ama. Cúrsa spreagúil lán eolais a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat do chumas sa Ghaeilge a thabhairt go leibhéal eile. Tá táille £10 ar an chúrsa. Beidh na leibhéil seo a leanas ar fáil: Bunrang – Meánrang – Rang Comhrá

As part of Liú Lúnasa, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level. There is a fee of £15 for the course. The levels we have are: Beginners – Intermediate – Conversational Class.

**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com**
**26-28 Lúnasa**
**11:00am-1:00pm**

zoom






# AN CIORCAL LÉITHEOIREACHTA

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh leabhair Ghaeilge? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, déan teagmháil le Fionnuala le clárú. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, contact Fionnuala to register. All welcome.

**fionnuala@culturlann.ie**

**30/08/21**

**Jimín Mháire Thaidhg le Padraig Ó Siochfhradha (An Seabhac)**

zoom

LIÚ LÚNASA

## Liú Lúnasa

Don seachtú bliain as a chéile reáchtálfar an fhéile chultúr ar an imeall 'Liú Lúnasa'. Bígí linn do réimse imeachtaí ar nós an Slam Filíochta, painéal cainte bhríomhar faoi na daoine sin a d'fhás aníos sa Chultúrlann, mar chuid de **#Cultúrlann30**, agus ceolchoirm bheo ó amharclann na Cultúrlainne.

For the seventh year in a row we will be running the fringe-culture festival Liú Lúnasa. Join us for a range of events including a Poetry Slam, a discussion panel on those who grew up in the Cultúrlann, as part of our **#Cultúrlann30** celebrations and a live concert from the Cultúrlann's theatre space.

27/08/21 - 28/08/21

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## Slam Filíochta Liú Lúnasa

Tá cáil ar Shlam Filíochta Liú Lúnasa mar an t-aon chomórtas slam filíochta trí Ghaeilge sa tír agus i mbliana beidh fáilte roimh dhaoine fud fad na cruinne a n-iarratais a sheoladh isteach chugainn go digiteach don oíche mhór filíochta a bheas á reáchtáil againn an 27 Lúnasa. Bhí rath ar dóigh ar an chur chuige seo anuraidh agus tá muid ag dúil go mór bhur n-iarratais a fheiceáil arís i mbliana agus sibh san iomaíocht do dhuaischiste de £800. Téigí i mbun cumadóireachta!

Liú Lúnasa's Poetry Slam is renowned as the only Irish language slam poetry competition and this year we welcome entries from all over the world in digital form to be included in our night of poetry on the 27th of August. This approach had great success last year and we are really looking forward to seeing your entries this year when you will be competing for a prize fund of £800. Get writing!

Tuilleadh sonraí gan mhoill | More details soon

**27/08/21**
**8:30pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

## Na Meáin Shóisialta

### Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil. Coinnígí i dteagmháil linn agus bígí cinnte bhur bhfíseáin agus bhur ngrianghraif féin a roinnt linn cé acu a bhíonn sibh ag leanúint ceachtanna ealaíne Dhrithle, ag foghlaim Gaeilge linn nó fiú ag baint sult as na ceolchoirmeacha ar líne sa bhaile! Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus sibh ag fanacht slán sábháilte sa bhaile i láthair na huaire.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained. Please keep in contact with us and send us your pictures and videos from home if you are following Drithle's online art classes, taking on of Irish language classes or even just relaxing and enjoying the concerts at home! We'd love to hear from you as you stay safe and sound at home.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND
Foras na Gaeilge
Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann
An Roinn Pobal
Comhairle Chathair Bhéal Feirste